2023.M49T

2023L067G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Ceol

## Cumadóireacht

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 22 Meitheamh    Tráthnóna 3:15 - 4:45

100 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **dhá** roinn ar an scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn **A** | Cumadóireacht séise | 40 marc | 3 cheist |
| Roinn **B** | Armóin | 60 marc | 3 cheist |

- Freagair mar seo a leanas:

  ◦ ceist amháin as Roinn **A** – Cumadóireacht Séise

  **agus**

  ◦ ceist amháin as Roinn **B** – Armóin

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.

- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise/sracobair ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh an obair bhreise seo go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.

- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scriobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Cumadóireacht Séise | 40 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:

**Ceist 1** Leanúint d'oscailt a thugtar (40 marc)

**nó**

**Ceist 2** Ceol a chur le téacs a thugtar (40 marc)

**nó**


**Ceist 3** Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar (40 marc)

**Ceist 1** **(40 marc)**
**Leanúint d'oscailt a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).

(a) • Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

- ☐ fliúit Shasanach forshéise
- ☐ cláirnéid
- ☐ veidhlín
- ☐ óbó



**agus**


(b) • Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ fliúit Shasanach forshéise

☐ cláirnéid

☐ veidhlín

☐ óbó




**Ceist 2** **(40 marc)**
**Ceol a chur le téacs a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).

Seo a leanas sliocht as an dán *Sneachta* le Mícheál Ó Donncha.

Sneachta ar na sléibhte,
Sneachta ar an gcnoc,
Sneachta ó na spéartha
Ag teacht anuas go bog.

(a) • Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d'oirfeadh do na focail eile.



(b) • Agus tú ag úsáid na rithime a chum tú ag (a), lean ar aghaidh leis an oscailt seo thíos chun séis ocht mbarra a dhéanamh.
• Críochnaigh ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
• Scríobh na focail faoi na nótaí.
• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.



**Ceist 3** **(40 marc)**

**Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).


(a)
- Déan staidéar ar oscailt na máirseála seo.
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ trumpa

☐ veidhlín

☐ cláirnéid

☐ óbó



**agus**


(b) • Déan staidéar ar oscailt na válsa seo.
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ trumpa

☐ veidhlín

☐ cláirnéid

☐ óbó



Ná scríobh ar an leathanach seo

| Roinn B | Armóin | 60 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:


| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 4** | Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí ag pointí dúnta | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 5** | Dordnótaí agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 6** | Nótaí forshéise agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta | (60 marc) |

**Ceist 4** **(60 marc)**

**Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála D ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Agus tú ag úsáid na rithimí a thugtar duit, cuir isteach nótaí séise agus dordnótaí chun na dúntaí agus na réamhchordaí a chríochnú mar seo a leanas:

(i) Ag **A**, dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh) le réamhchorda (I—IV—V)
(ii) Ag **B**, dúnadh tánaisteach le réamhchorda (vi—IV—I)
(iii) Ag **C**, dúnadh briste le réamhchorda (I—V—vi)
(iv) Ag **D**, dúnadh foirfe (lándúnadh) le réamhchorda (ii—V—I)



A
B
C
D

**Ceist 5** **(60 marc)**

**Dordnótaí agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála F ar an gcliath thíos.




- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | F | | Am | | | | E° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha chun na dúntaí ag **A, B, C** agus **D** a chríochnú.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.
- Ná bíodh an corda céanna agat i mboscaí le hais a chéile.



A
B
C
D

**Ceist 6** **(60 marc)**

**Nótaí forshéise agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

• Scríobh amach mórscála G ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| Nótaí an chorda | D<br>B<br>G | | F♯<br>D<br>B | | | | C<br>A<br>F♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | G | | Bm | | | | F♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Cuir isteach cordaí agus nótaí forshéise oiriúnacha ag **A, B, C** agus **D** chun deireadh na míreanna a chríochnú.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.


A
Forshéis
Séis
Dord
B
C
D

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ceol Cumadóireacht

Déardaoin 22 Meitheamh

Tráthnóna 3:15 - 4:45

2023.M51T

2023L067G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Ceol

## Éisteacht

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 22 Meitheamh    Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Lá agus Mí do Bhreithe** | Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla |
| **Stampa an Ionaid** | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre ar fail i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Cúig shliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Tá na guthanna sa sliocht seo ag canadh

☐ in aoncheol

☐ in armóin

**(b)** Gné den cheol sa sliocht seo ná

☐ nótaí athdhéanta

☐ léimeanna ochtacha

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Ainmnigh teicníc thaifeadta a úsáidtear sa sliocht seo.

| Teicníc thaifeadta: |
| --- |
| |

**(d)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tionlacan sa sliocht.

| Freagra: |
| --- |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Tá na liricí priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| Líne 1 | Mama, just killed a man, |
| Líne 2 | Put a gun against his head, pulled my trigger, now he's dead. |
| Líne 3 | Mama, life had just begun, |
| Líne 4 | But now I've gone and thrown it all away. |

**(e)** Cuir ciorcal timpeall an fhocail i line 3 mar a gcantar an nóta is airde.

**(f)** Cloistear an foireann drumaí den chéad uair i line 4 ag an bhfocal

- ☐ now
- ☐ thrown
- ☐ away

**Sliocht 3, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(g)** Déan cur síos ar dhifríocht amháin idir an ceol i **Sliocht 3** agus an ceol i **Sliocht 4**.
Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht: | |
|---|---|
| Sliocht 3 | Sliocht 4 |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(h)** Sainaithin gné amháin den cheol a chloistear ar an ngiotár sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Baineadh an ceol sa sliocht seo

- ☐ as an intreoir
- ☐ as an bhforbairt
- ☐ as an gcóda

**(b)** Is é an téama a chloistear sa sliocht seo ná

- ☐ téama an Ghrá
- ☐ téama an Achrainn
- ☐ téama Friar Lawrence

**(c)** Uirlis ar a seinntear an téama sa sliocht seo ná

- ☐ an dordveidhil
- ☐ an trumpa
- ☐ an fhliúit

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Sainaithin an dá fhine uirlisí a sheinntear sa sliocht seo.

| 1ú fine uirlisí: |
| --- |
| |

| 2ú fine uirlisí: |
| --- |
| |

**(e)** Ag tarraingt ar dheireadh an tsleachta, éiríonn an ceol

- ☐ níos glóraí
- ☐ níos ciúine
- ☐ níos moille

**Ceist 3** **(10 marc)**

Sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry, a sheinnfear trí huaire.

- Freagair na ceisteanna seo a leanas.

**(a)** Sainaithin an uirlis a sheinntear sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**(b)** Na trí uirlis eile a sheinntear in *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry ná:

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

| Uirlis 3: |
|---|

**(c)** Is í uigeacht an cheoil sa sliocht seo ná

- ☐ monafónach
- ☐ ilfhónach
- ☐ homafónach

**(d)** Sainaithin gné amháin de cheol an 20ú haois a chloistear sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |

**(e)** Déan cur síos ar dhifríocht amháin idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a leanann díreach tar éis an cheoil sa sliocht seo in *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

| Difríocht: |
| --- |
| |
| |
| |


**Ceist 4** **(10 marc)**

Dhá shliocht as an gCantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

Tá breac-scór de na barraí 1–4 den sliocht priontáilte thíos.




**(a)** Cuir isteach an **dá** nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór. Úsáid an rithim a thugtar.

**(b)** Baineadh an sliocht seo as

☐ áiria

☐ reacaireacht

☐ córáil

**(c)** Críochnaíonn an sliocht seo le

☐ dúnadh foirfe (lándúnadh)

☐ dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh)

☐ dúnadh tánaisteach

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Sainaithin dhá uirlis a sheinntear sa sliocht seo.

| |
|---|
| Uirlis 1: |

| |
|---|
| Uirlis 2: |

**Sliocht 1 agus Sliocht 2 a sheinnfear uair amháin eile.**

**(e)** Déan cur síos ar chosúlacht amháin **nó** ar dhifríocht amháin idir an ceol i **Sliocht 1** agus an ceol i **Sliocht 2**.

| |
|---|
| Cosúlacht: |
| |
| |
| |

**NÓ**

| |
|---|
| Difríocht: |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.**

**(a)** An uirlis atá á sheinm sa sliocht seo ná

- ☐ an ghiotár
- ☐ an chruit
- ☐ an cruitchlár

**(b)** Gné den cheol sa sliocht seo ná

- ☐ 7ach maol
- ☐ scála mantach
- ☐ ornáidiú

**(c)** Is í foirm an cheoil sa sliocht seo ná

- ☐ ABBA
- ☐ AABB
- ☐ ABAB

**Sliocht 2.**

**(d)** (i) Is é atá sa damhsa a chloistear sa sliocht seo ná

| ríl | port | cornphíopa |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(ii) Is é amchomhartha an damhsa seo ná

| $\frac{3}{4}$ | $\frac{4}{4}$ | $\frac{6}{8}$ |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(iii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an damhsa seo ná

☐ 

☐ 

☐ 

**(e)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**Sliocht 3.**

**(f)** Sainaithin gné amháin den amhránaíocht ar an sean nós mar a chloistear sa sliocht seo í.

| Gné: |
|---|
| |

**(g)** Déan cur síos ar ghné amháin den tionlacan uirlise a chloistear sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |
| |

**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta**

Tá an cheist seo bunaithe ar chúig shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Cé mhéad lánbharraí ceoil atá le cloisteáil san intreoir, sula thagann an t-amhránaí isteach.

- ☐ 3 bharra
- ☐ 4 bharra
- ☐ 6 bharra

**(b)** Sa sliocht seo

- ☐ seinntear bloc-chordaí ar an bpianó
- ☐ seinntear airpéitsí ar an bpianó
- ☐ seinntear nótaí marthanacha ar an bpianó

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

- Tá na liricí priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | I never thought I'd miss you |
| Líne 2 | Half as much as I do. |
| Líne 3 | And I never thought I'd feel this way |
| Líne 4 | The way I feel about you. |
| Líne 5 | As soon as I wake up, every night every day. |
| Líne 6 | I know that it's you I need to take the blues away. |

**(c)** Gné den cheol gutha a chloistear sna línte 1–4 ná

- ☐ nótaí athdhéanta
- ☐ sioncóipiú
- ☐ léim ochtach

**(d)** Ainmnigh uirlis amháin (seachas an pianó) a chloistear sna línte 5–6.

| Uirlis: |
|---|

**(e)** Gné den cheol a chloistear ar an bpianó ag deireadh line 6 ná

- ☐ nótaí suas
- ☐ nótaí síos
- ☐ nótaí suas agus síos

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** An uirlis ar a seinntear an tséis ag tús an tsleachta ná

☐ an óbó

☐ an trumpa

☐ an chláirseach

**(g)** Ainmnigh uirlis eile a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
| --- |
| |

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór priontáilte thíos.**




**(h)** Is iad na nótaí atá ar iarraidh ag **X** ar an scór ná

☐ 

☐ 

☐ 

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(i)** Roghnaigh saothar amháin as do shaothair dhualgais ina bhfuil an ceol is cosúla leis an gceol sa sliocht seo. Tabhair cúis le do rogha.

| |
|---|
| Saothar dualgais: |
| Cúis: |
| |
| |
| |
| |
| |

**Tá trí nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ceol Éisteacht

Déardaoin 22 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00